Cúntóir Taighde faoi oiliúint

Conradh 6 mhí ó Samhain 2015–Aibreán 2016

Tuarastal ar ráta €21,850 sa bhliain (pro rata)

Teastaíonn ó Fiontar céimí sa Ghaeilge a earcú ar bhonn intéirneachta ar conradh chun oibriú ar thionscadail éagsúla sna daonnachtaí digiteacha Gaeilge. Tá cúig thionscadal taighde faoi chúram Fiontar faoi láthair: www.logainm.ie, www.tearma.ie, www.ainm.ie, www.iate.europa.eu (na téarmaí Gaeilge) agus www.duchas.ie (chun Cnuasach Bhéaloideas Éireann a dhigitiú agus a fhoilsiú ar líne i gcomhar le UCD). Beidh an cúntóir faoi oiliúint rannpháirteach i meitheal taighde idirdhisciplíneach Fiontar.

Riachtanais:

1. Bunchéim onóracha sa Nua-Ghaeilge (2:1 ar a laghad i ngné na Gaeilge den chéim).
2. Caighdeán ard cruinnis sa Ghaeilge scríofa agus eolas ar an ngramadach riachtanach.
3. Is gá bunscileanna ríomhaireachta a bheith ag iarratasóirí freisin.

Beidh tástáil scríofa sa Ghaeilge mar chuid den phróiseas earcaíochta.

Ní mór bheith sásta oibriú i meitheal idirdhisciplíneach, bheith dea-eagraithe, tionscantach agus in ann spriocanna a chomhlíonadh. Deis mhaith í seo do dhaoine le buncháilíochtaí ar mhaith leo oiliúint acadúil agus taithí ghairmiúil a fháil ar scileanna eagarthóireachta taighde agus ar acmhainní teanga.

Modh iarratais:
Ba chóir litir iarratais i nGaeilge ag míniú cén fáth a bhfuil suim ag an iarratasóir sa phost, mar aon le CV iomlán i nGaeilge agus sonraí teagmhála beirt mholtóirí a chur chuig una.bhreathnach@dcu.ie.

Spriocdháta iarratais: Dé Luain, 26 Deireadh Fómhair 2015.
Tá sé i gceist agallaimh agus tástálacha scríofa a reáchtáil an tseachtain dár tús 2 Samhain 2015.

Tá fáilte roimh iarratasóirí teagmháil le Fiontar chun an post seo a phlé:
Clare Coughlan: clare.coughlan@dcu.ie nó (01) 700 6577.

Fostóir comhdheiseanna is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Tá na tionscadail á gcómhaoiniú le deontas taighde ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta.